European Alliance

An Chomhghuaillíocht Eorpach

# Tosaíochtaí Polaitiúla na Comhghuaillíochta Eorpaí le haghaidh 2015-2020

## *Moltaí maidir le sainordú Choiste na Réigiún*

EUROPEAN UNION

Committee of the Regions

**Tosaíochtaí polaitiúla na Comhghuaillíochta Eorpaí
le haghaidh 2015-2020**
***Moltaí le haghaidh an téarma nua oifige***

Cumhdaíonn ocht mBallstát is fiche an Aontais Eorpaigh réise ollmhór d'fhad agus leithead ó thaobh na tíreolaíochta fisicí agus na héagsúlachta cultúir. Laistigh dá thíortha, dá réigiúin agus dá cheantair faightear smaointe agus deiseanna lenar féidir dul i mbun oibre le go ndéanfar forbairt amach anseo ar Bhallstáit nua agus ar mhaitrís leathan institiúidí an Aontais. Tá clár oibre coiteann ag Grúpa na Comhghuaillíochta Eorpaí i réimsí tábhachtacha agus céannacht na náisiún nó na réigiún lena mbaineann sé á hurramú aige. Creidimid i bpolaitíocht an chomhaontaithe trínar féidir tuairimí na gcomhaltaí aonair a urramú. Is é aidhm do Ghrúpa na Comhghuaillíochta Eorpaí na comhaltaí a chumasú chun páirt iomlán a ghlacadh in obair uile Choiste na Réigiún, ar mhaithe le náisiúin, réigiúin, údaráis áitiúla na gcomhaltaí agus leo siúd go léir a ndéanann ár gcomhaltaí ionadaíocht ar a son. Chun é sin a bhaint amach, caithfidh an tAontas a bheith níos daonlathaí, níos gaire dá chuid saoránach, agus níos trédhearcaí. Teastaíonn uainn go mbeadh an tAontas Eorpach inrochtana, soiléir agus éifeachtúil. Tá soiléireacht de dhíth ionas go mbeidh tuiscint ag na saoránaigh ar ár modhanna oibre agus ar na cuspóirí is mian linn a bhaint amach. Maidir leis an inrochtaineacht, i. na doirse a oscailt dár bpobail, agus an éifeachtúlacht, tá struchtúr institiúideach daonlathach agus éifeachtúil ag teastáil.

Leanfaidh Grúpa na Comhghuaillíochta Eorpaí de na treochtaí inathraithe eacnamaíocha agus polaitiúla atá ann faoi láthair a chur san áireamh go hiomlán agus de rannchuidiú le straitéisí comhtháite a fhorbairt dá réir sin. Creidimid gur cuid lárnach de na treochtaí sin a chur san áireamh is ea cluas éisteachta a bheith ag ár n-údaráis áitiúla agus réigiúnacha i gcroílár na hEorpa, agus dá bhrí sin creidimid gur cheart go mbeadh ról láidir ag Coiste na Réigiún agus ag na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha agus go mbeadh an ról sin mar chuid lárnach i bhforbairt bheartais an Aontais. Cosnaíonn Grúpa na Comhghuaillíochta Eorpaí prionsabal na coimhdeachta lena áirithiú go nglacfar cinntí ar an leibhéal is gaire do na saoránaigh agus go méadófar rannpháirtíocht na saoránach sa saol polaitiúil. I ndáil leis seo, aithníonn Grúpa na Comhghuaillíochta Eorpaí go bhfuil ról tábhachtach agus lárnach ag daoine óga i ndíospóireacht a bhaineann leis an méid atá i ndán dóibh.

Tá sé tábhachtach go gcuirfeadh Coiste na Réigiún a bhreisluach le próiseas cinnteoireachta an Aontais trí thacaíocht, teagmhálacha agus saineolas a sholáthar ar an leibhéal áitiúil. Spreagfaidh Grúpa na Comhghuaillíochta Eorpaí institiúidí an Aontais, i ndlúthchomhar leis na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha agus leis an tsochaí shibhialta, chun cumarsáid níos fearr a chur chun cinn lena shaoránaigh agus chun tacú le feachtais faisnéise ar an leibhéal áitiúil agus ar an leibhéal réigiúnach sna Ballstáit, sna tíortha is iarrthóirí agus sna tíortha is iarrthóirí ionchasacha. Ní mór dúinn athcheangal a dhéanamh idir saoránaigh an Aontais agus an tAontas d'fhonn a áirithiú go mothóidh na saoránaigh gur ar a son atá an tAontas agus d'fhonn a áirithiú go méadófar an t-eolas atá acu ar na beartais éagsúla lena n-imrítear tionchar ar a saol laethúil.

Níor cheart ach oiread gur próiseas aon-bhealach a bheadh i gceist leis sin, is é sin go mbeadh an tAontas ag obair ón mbarr i dtreo an bhuin chun tionchar a imirt ar leibhéal an bhuin. Ba cheart do Choiste na Réigiún obair a dhéanamh le gur féidir riachtanais na n-údarás áitiúil agus réigiúnach ar leibhéal an bhuin a chur faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh. Sa chomhthéacs sin, ba cheart féachaint an bhféadfaí teacht ar shásraí nua agus iad a chur chun feidhme trí thuairimí Choiste na Réigiún a chur faoi bhráid institiúidí an Aontais ar bhealach éifeachtach ionas go ndéanfar ceann inmhe díobh agus go gcuirfear i ngníomh iad.

*Bheadh sé de rún ag ár ngrúpa tús áite a thabhairt d'ár bpríomhchuspóirí bliantúla ag tús gach bliana den sainordú a bheidh ann amach anseo.*

1. **Infheistiú a dhéanamh i dtodhchaí na hEorpa**

Ba mhaith linn sa ghrúpa béim a leagan ar chuid de na saincheisteanna a leanas:

*I ndiaidh 'Eoraip 2020':ag gabháil i dtreo forbairt agus poist sna réigiúin uile*

Beidh páirt chinntitheach ag an sainordú sin i gcur i gcrích fíor-rathúil na straitéise 'Eoraip 2020' agus an phlean infheistíochta a mbeidh fíor-fhorbairt agus fíor-phoist mar thoradh orthu. Dar le Grúpa na Comhghuaillíochta Eorpaí, is gá athbhreithniú a dhéanamh ar an straitéis le go dtabharfar aghaidh ar na heasnaimh atá inti.

Beidh ar an Aontas, atá thíos mar gheall ar ghéarchéim eacnamaíoch nach bhfacthas a macasamhail riamh, athnuachan a dhéanamh ar a ghealltanas i leith forbairt inbhuanaithe a áirithiú, ní hamháin ó thaobh na heacnamaíochta de, ach freisin ó thaobh na sochaí agus an chomhshaoil.

Ina theannta sin, ba cheart go ndíreofaí i gcónaí ar sprioc an chomhtháthaithe chríochaigh a bhaint amach, is é sin le rá, Aontas Eorpach ag a bhfuil náisiúin agus tíortha ina n-urramaítear acmhainneacht, smaointe agus deiseanna, agus ina ndéantar iad a chaibidil agus a chothú.

Ní mór cur chuige bríomhar nua a mhúnlú chun dlús a chur le fás marthanach agus chun fíor-chruthú post a chur chun cinn sna ceantair áitiúla. Maidir le fostaíocht a chruthú iontu, d'éirigh níos fearr le cuid de na Ballstáit ná mar a d'éirigh le cuid eile. Ní mór na samhlacha fostaíochta ar fud na hEorpa a mheas agus na samhlacha sin a raibh rath orthu a chur ar fáil do Bhallstáit an Aontais.

Caithfidh an tAontas fíor-thiomantas a léiriú i dtaca le níos mó a infheistiú san oideachas, sa nuáil agus sa taighde, rud atá rí-thábhachtach chun buntáistí a bhaint amach san iomaíochas. Ba cheart don Aontas a sheacht ndícheall a dhéanamh chun leas a bhaint as infheistíochtaí príobháideacha agus poiblí chun borradh a chur faoin bhfás eacnamaíoch agus chun dlús a chur le hiomaíochas an Aontais sna príomh-earnálacha ard-teicneolaíochta amhail Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide, eolaíocht bheatha agus foinsí fuinnimh agus ag an am céanna forbairt chothromaithe sna réigiúin ar fad á háirithiú.

Tá spéis speisialta againn i ndlúthfhaireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na straitéise athbhreithnithe ar leibhéal na mBallstát agus ar na leibhéil réigiúnacha agus áitiúla freisin chun an tosaíocht nua a chuir an tAontas roimhe, do na blianta atá le teacht, a bhaint amach.

*An t-airgeadas poiblí a athbhunú agus tacú le hinfheistíochtaí*

Tacóidh Grúpa na Comhghuaillíochta Eorpaí le comhar eacnamaíoch níos fearr agus le hathbhreithniú ar rialachas eacnamaíoch an Aontais d'fhonn a áirithiú go mbeidh an t-airgeadas poiblí fónta agus cobhsaí agus go mbeidh solúbthacht ar fáil ag an am céanna le haghaidh infheistíochtaí lena gcuirtear leis an bhforbairt.

Níor cheart go mbeadh tionchar diúltach ag an gcor chun donais san eacnamaíocht ar shaol na saoránach ná ar uathriail airgeadais na n-údarás áitiúil agus réigiúnach ná ar a ról mar sholáthraithe seirbhísí.

Creideann Grúpa na Comhghuaillíochta Eorpaí gur cheart go mbeadh cláir AE agus tacaíocht AE sa bhreis ar an maoiniú a sholáthraítear faoi láthair do na réigiúin agus do na húdaráis áitiúla.

Spreagfaidh Grúpa na Comhghuaillíochta Eorpaí na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha chun feidhm a bhaint as na hacmhainní atá ar fáil agus as ionstraimí airgeadais nuálaíocha chun leas a bhaint as cistiú breise agus spreagfaidh sé iad chun infheistíochtaí fadtéarmacha uaillmhianacha a dhéanamh san oideachas, san fhoghlaim ar feadh an tsaoil, sa taighde agus nuáil, i mbonneagair ar ard-cháilíocht, in iompar poiblí inbhuanaithe agus i dteicneolaíochtaí a bheidh níos tíosaí ar fhuinneamh.

Creideann Grúpa na Comhghuaillíochta Eorpaí go bhfuil sé thar a bheith tábhachtach tacú le fiontraíocht, le fiontair bheaga agus mheánmhéide agus le fiontair shóisialta ar an leibhéal áitiúil agus ar an leibhéal réigiúnach chun go n-éascófar téarnamh eacnamaíoch inbhuanaithe.

*Infheistiú i ndaoine*

Tabharfaidh Grúpa na Comhghuaillíochta Eorpaí tús áite don oideachais agus d'fhoghlaim agus oiliúint ar feadh an tsaoil mar phríomhionstraimí le haghaidh rannpháirtíocht i margadh an tsaothair a mhéadú agus chun dul i ngleic leis na leibhéil ainsealacha dífhostaíochta i measc ógánaigh na hEorpa. Ba cheart go mbeadh rochtain uilíoch ar oideachas ina phríomhthosaíocht ag an Aontas Eorpach. Trí infheistíocht a dhéanamh sna scoileanna, sna hollscoileanna agus sna coláistí déanfaimid an rachmas intleachta agus airgeadais a fheabhsú agus a chosaint tríd an bhfoghlaim. Mar gheall ar an daonra a bheith ag dul in aois agus na rátaí breithe a bheith ag laghdú, tá brú ar ár gcórais slándála sóisialta agus pinsean agus cruthaíonn sé sin dúshláin thromchúiseacha do dhaoine óga maidir le rochtain a bheith acu ar mhargadh an tsaothair. Tacaíonn Grúpa na Comhghuaillíochta Eorpaí leis an mbéim a chuirtear ar an tábhacht a bhaineann le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú, le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa chomh maith leis an gCiste Eorpach Infheistíochta Straitéiseacha ó thaobh tacú le húdaráis áitiúla agus réigiúnacha chun an dífhostaíocht a chomhrac, agus daoine, beag beann ar an aois atá acu, a chumasú leis na scileanna nua atá de dhíth orthu. Tugann Grúpa na Comhghuaillíochta Eorpaí aird ar leith ar aitheantas a thabhairt do na cáilíochtaí agus d'aon bheartas atá dírithe ar shoghluaisteacht agus infheistíochtaí sa chultúr fiontraíochta a spreagadh.

*Taighde, nuáil, forbairt ghlas agus forbairt dhigiteach*

Leanfaidh Grúpa na Comhghuaillíochta Eorpaí de bheith ag obair lena áirithiú go mbeidh muintir na hEorpa uile ar áireamh sa tsochaí eolasbhunaithe. Cuirfimid an bhéim ar sholáthar an bhonneagair agus ar an ról atá ag taighde agus nuáil ionas go leagfar síos an bhunchloch le haghaidh Limistéar Eorpach Taighde. Creideann an Grúpa go hiomlán gur cheart spriocanna soiléire, réalaíocha agus, más féidir, spriocanna ceangailteacha a leagan síos, chun go dtabharfaí aghaidh ar an mbearna nuálaíochta atá os comhair an Aontais.

Leagann Grúpa na Comhghuaillíochta Eorpaí béim ar an tábhacht a bhaineann le hinfheistíocht a dhéanamh i bhfás glas agus i dteicneolaíochtaí lena ndírítear ar fheabhas a chur ar gheilleagar ísealcharbóin agus ar éifeachtúlacht fuinnimh. Measaimid ní hamháin gur cheart an nuáil agus an taighde a bheith á stiúradh ag an tionsclaíocht ach gur cheart freisin go ndíreofaí ar fheabhas a chur ar rachmas na saoránach agus ar an gcomhshaol agus acmhainní nádúrtha a chosaint.

Ina theannta sin, aithníonn an Grúpa na sochair agus na deiseanna a bheidh ann mar gheall ar fhorbairt an gheilleagair dhigitigh agus na sochaí faisnéise, go háirithe iad siúd ag a mbeidh tionchar ar an uige shocheacnamaíoch sna ceantair tuaithe, shléibhtiúla, agus iargúlta. Ba mhian leGrúpa na Comhghuaillíochta Eorpaí cathracha agus réigiúin a chlaochlú trí nascacht níos mó agus níos fearr, lena n-áiritheofar go mbeidh rochtain ag cách ar an mbanda leathan agus ar an idirlíon agus rochtain agus deiseanna comhionanna ar fáil do dhaoine dá bharr sin, beag beann ar chónaí a bheith orthu i limistéir uirbeacha nó tuaithe nó i réigiún fhorimeallacha.

Leanfaimid ar aghaidh leis an ionchur luachmhar a dhéanamh i leith ríomhsheirbhísí rialtais áitiúla agus réigiúnacha a fhorbairt agus béim á leagan ar an ngá atá ann an scoilt dhigiteach agus teicneolaíochta a laghdú idir ceantair uirbeacha agus tuaithe agus idir na glúnta. Is iad gníomhaíochtaí áitiúla agus réigiúnacha an modh ba éifeachtaí chun torthaí a bhaint amach.

*Éagsúlacht chultúrtha agus éagsúlacht teanga*

Creideann Grúpa na Comhghuaillíochta Eorpaí gurb í a hoidhreacht chultúrtha is cúis le neart na hEorpa agus méid a héagsúlachta cultúrtha chomh maith. Tá bunús stairiúil an Aontais i gcuid de na láithreáin sibhialtachta is sine ar domhan. Ar an mórgóir tá an t-ádh air freisin go bhfuil cuid de na suíomhanna oidhreachta is cuimsithí, den tírdhreach is áille agus de na réigiúin is áille san Aontas féin. AITHNÍONN an Chomhghuaillíocht Eorpach go dtugann ceiliúradh agus comóradh na hoidhreachta cultúrtha saoránaigh an Aontais le chéile, go gcuidíonn an oidhreacht leis an taidhleoireacht idirnáisiúnta, go spreagann sí céannacht agus cruthaitheacht, go lasann sí coincheap na saoránachta gníomhaí agus go bhfuil sí ar cheann de na bunchlocha atá mar chrann taca faoi na straitéisí forbartha réigiúnaí a bheidh ann amach anseo le haghaidh forbairt uirbeach agus tuaithe.

Seasann Grúpa na Comhghuaillíochta Eorpaí le prionsabal féinchinntiúcháin na bpobal, rud a chiallaíonn go gcaithfidh an tAontas Eorpach "méadú inmheánach" a chumasú freisin i bhfoirm Ballstát nua, ar choinníoll go dtiocfaidh na stáit sin as phróiseas síochánta agus daonlathach.

Leanfaimid de bheith ag obair chun tacú le féiniúlacht náisiúnta agus réigiúnach, á áirithiú go mbeidh urramú na héagsúlachta cultúrtha agus teanga ar cheann de na prionsabail bhunúsacha is bunús le próiseas an lánpháirtithe Eorpaigh agus nach bhfuil cothromú na ndifríochtaí nó cruthú na céannachta aonfhoirmeacha i gceist leis sin ach caomhnú comhair agus tuisceana níos fearr idir pobail na hEorpa. Leanfaidh an Grúpa de theangacha réigiúnacha na hEorpa nach n-úsáidtear mórán a chur chun cinn agus a chosaint.

## 2. Dlúthpháirtíocht i rathúnas agus inbhuanaitheacht chomhshaoil a bhaint amach

Ba mhaith linn sa ghrúpa béim a leagan ar chuid de na saincheisteanna a leanas:

*Comhtháthú críochach, lena n-áirítear comhar trasteorann*

I saol domhandaithe an lae inniu, trí chrann taca a chur faoi bhunús na héagsúlachta nua mar fhoinse nirt ó thaobh an gheilleagair agus saibhreas sa chultúr, cuideofar le dlús a chur le comhtháthú na bpobal sin tríd an iomaíochas agus an dlúthpháirtíocht a chur chun cinn.

Ní mór cistiúchán réigiúnach agus struchtúrach a dhéanamh chun gur féidir forbairt chothromaithe a ráthú ar fud na réigiún uile an Aontais. Ní mór don bheartas comhtháthaithe forbairt de réir riachtanais na réigiún, agus díriú ar laghdú na mbearnaí idir réigiúin shaibhre agus réigiúin bhochta. Tá sé tábhachtach Aontas comhtháite a fhorbairt a aithníonn freagrachtaí comónta agus a thaispeánann dlúthpháirtíocht. Ina theannta sin, ba cheart sa bheartas comhtháthaithe AE díriú ar an gcuspóir lárnach is é sin deiseanna fostaíochta a neartú agus éagothromaíochtaí sóisialta a laghdú.

Molann Grúpa na Comhghuaillíochta Eorpaí go ndéanfaí fíor-athrú sa chultúr tríd an mbeartas athchóirithe a chur chun feidhme agus tá sé tiomanta d'fhaireachán a dhéanamh ar rannpháirtíocht na n-údarás áitiúil agus réigiúnach agus do chur chun feidhme iomlán phrionsabal na comhpháirtíochta, atá cumhdaithe anois i reachtaíocht an Aontais (leis an gCód Iompair Eorpach ar Chomhpháirtíocht).

Iarraimid níos mó tacaíochta a thabhairt chun acmhainní a neartú agus deiseanna oiliúna do státseirbhísigh bardas atá i gceannas ar thionscadail, chomh maith le tacaíocht do nósanna imeachta sruthlínithe.

Tá infheistiú i mbonneagar tábhachtach ach creideann Grúpa na Comhghuaillíochta Eorpaí nach mbeidh forbairt ann mura ndírítear ar dhaoine.

Is é ár mbarúil go bhfuil sé bunriachtanach feabhas a chur ar chomhordú na n-ionstraimí agus na sineirgí cistiúcháin idir na buiséid náisiúnta Eorpacha agus áitiúla.

Ag tógáil ar thaithí dhearfach Mhuir Bhailt, na Danóibe agus na Macraréigiún Aidriacha-Iónacha, tabharfaidh Grúpa na Comhghuaillíochta Eorpaí tacaíocht do straitéis nua na nAlp (EUSLAP) toisc go gcabhróidh sé le feabhas a chur ar chomhchuibheas beartais agus le comhar níos mó idir leibhéil éagsúla rialtais chun dul i ngleic leis na dúshláin choiteanna amhail cosaint an chomhshaoil agus comhchuibhiú na forbartha eacnamaíche.

Déanfaidh an Grúpa obair leantach maidir le cur chun feidhme na Straitéise EUSALP agus áiritheoidh sé go dtabharfar tús áite do leas na mbun-réigiún sléibhe Alpach, tabharfaidh sé aird chuí ar na ceantair agus ar na cathracha máguaird ionas go rachaidh an caidreamh idir na réigiúin sin chun tairbhe don dá thaobh.

*I dtreo beartas uirbeach-tuaithe cothrom*

Aithníonn Grúpa na Comhghuaillíochta Eorpaí na fíorthairbhí follasacha a baineadh amach do shaoránaigh na hEorpa, mar thoradh ar thiomantas na mBallstát agus an Choimisiúin Eorpaigh do bheartas Struchtúrach agus Comhtháthaithe atá fadtéarmach, láidir agus comhleanúnach.

Is réimse fíorthábhachtach é an athnuachan uirbeach, ach caithfear a thuiscint a thábhachtaí atá réigiúin agus comhphobail uile na hEorpa agus mar aon leis an ról atá acu geilleagar láidir a chothú. Molfaidh Grúpa na Comhghuaillíochta Eorpaí go láidir go gcumhdófar, le cláir a bheidh ann amach anseo agus a mhaoineofar trí na Cistí Struchtúracha, saincheisteanna amhail athnuachan uirbeach agus tuaithe, díothacht shóisialta, tionscnaimh shonracha tithíochta, athstruchtúrú eacnamaíoch agus an t-iompar poiblí, agus athbheochan limistéar tuaithe agus sléibhtiúla.

Is mian le Grúpa na Comhghuaillíochta Eorpaí go ndéanfar gníomhaíocht fhollasach chun bailte agus cathracha a athbheochan, go háirithe maidir le hathfhorbairt a dhéanamh ar lár na mbailte agus na gcathracha sin a ndearnadh neamart iontu mar thoradh ar fhorbairtí mórscála siopadóireachta i mbruachbhailte.

Aithníonn an Grúpa a thábhachtaí atá réigiúin uile na hEorpa agus a thábhachtaí atá sé an chothromaíocht uirbeach-tuaithe a áirithiú i gcláir a bheidh ann amach anseo. Is cuid ríthábhachtach den Eoraip iad comhphobail tuaithe, agus iad mar chothú chun a áirithiú go bhfeidhmíonn na cathracha agus caithfidh na hinstitiúidí cur chuige cothrom a áirithiú sna gníomhaíochtaí uile. Leagann Grúpa na Comhghuaillíochta Eorpaí béim ar a thábhachtaí atá limistéir tuaithe, talmhaíochta agus sléibhtiúla mar shócmhainn ríthábhachtach don fhorbairt áitiúil, eacnamaíoch agus shóisialta agus iarrann sé ar na hinstitiúidí Eorpacha aird níos mó a thabhairt ar riachtanais limistéar tuaithe agus an chothromaíocht cheart a aimsiú idir na beartais don fhorbairt uirbeach agus na beartais don fhorbairt tuaithe. Creideann an Grúpa gur cheart beartas talmhaíochta a bheith ann lena gcumhdaítear "ón bhfeirm go dtí an forc"; á áirithiú gur flúirseach atá táirgí talmhaíochta ardcháilíochta inrianaithe agus, ag an am céanna, go ndéanfar na hacmhainní nádúrtha agus na hacmhainní comhshaoil i réigiúin uile na hEorpa a chosaint.

*Turasóireacht inbhuanaithe*

Sonraíonn Grúpa na Comhghuaillíochta Eorpaí gur feiniméin domhanda a mhúnlaítear ar an leibhéal áitiúil í an turasóireacht ach go mbíonn gá le teacht ar niche di i bhfianaise na hiomaíochta fíoréagsúlaithe atá ann. Dá réir sin, measann an Grúpa go mbainfidh comhphobail áitiúla tairbhí follasacha, ó thaobh na heacnamaíochta agus an chomhshaoil araon, as beartas comhsheasmhach a fhorbairt le haghaidh na turasóireachta inbhuanaithe. Gné mhór de OTI agus den fhostaíocht ar gach leibhéal – an leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus Eorpach – atá sa turasóireacht. Aithníonn Grúpa na Comhghuaillíochta Eorpaí an ról tábhachtach atá ag an turasóireacht chun an fhorbairt réigiúnach agus an chomhtháthú críochach a chur chun cinn, agus tathantaíonn sí ar an gCoimisiún Eorpach leanúint de bhéim a leagan ar chineál leathan na turasóireachta agus uirlisí airgeadais iomchuí agus inrochtana a chur ar fáil do na Ballstáit agus do na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha lena ndéanfar gníomhaíocht san earnáil seo a chur chun cinn agus a thacú. Go háirithe, iarrann an Grúpa ar an gCoimisiún leanúint de bhearta a chur chun cinn lena dtacaítear leis an turasóireacht inbhuanaithe.

*An comhshaol agus an t-athrú aeráide*

Breathnóidh Grúpa na Comhghuaillíochta Eorpaí ar fhorbairt thionscnaimh an Choimisiúin Eorpaigh lena gcuideofar leis an Aontas geilleagar íseal-charbóin atá tíosach ar acmhainní a chothú, dul i ngleic le dúshláin an athraithe aeráide, leis an díghrádú comhshaoil, le cailliúint na bithéagsúlachta agus le feabhas a chur ar an tsoghluaisteacht inbhuanaithe.

Tá an Grúpa meáite ar fheasacht a mhúscailt agus ar chuidiú le limistéir áitiúla agus réigiúnacha a lorg carbóin a laghdú agus, ag an am céanna, aird chuí a thabhairt ar an meascán éagsúil fuinnimh agus ar na coinníollacha áitiúla éagsúla ar fud an Aontais.

Tá comhaontuithe domhanda uaillmhianacha uainn lena spreagtar na réigiúin uile a gcion a dhéanamh maidir le hastaíochtaí a laghdú agus chun go mbeidh an Eoraip inbhuanaithe amach anseo ó thaobh an chomhshaoil.

Féachfaidh an Grúpa lena áirithiú go ndíreofar ar infheistíochtaí glasa chun an tsoghluaisteacht inbhuanaithe agus úsáid éifeachtach acmhainní nádúrtha a áirithiú i gcur chun feidhme straitéis Eoraip 2020.

*An geilleagar ciorclach agus dramhaíl*

Leagann Grúpa na Comhghuaillíochta Eorpaí béim ar a thábhachtaí atá sé go ndéanfar geilleagar atá níos tíosaí ar acmhainní a chothú ina mbainfear leas ciallmhar as acmhainní nádúrtha, as ábhair agus as dramhaíl agus ba cheart iad sin a athúsáid agus a athchúrsáil a mhéid is féidir.

I ndáil leis seo, táimid ag tathant ar an gCoimisiún Eorpach tionscnaimh nua a ghlacadh go pras maidir le geilleagar ciorclach a chur chun cinn, rud a chuirfidh ar chumas an Aontais cosc a chur le caillteanas ábhar luachmhar, amhail plaisteach, chun borradh a chur faoin athchúrsáil, chun astaíochtaí agus an tionchar ar an gcomhshaol a laghdú agus, ag an am céanna, lena gcruthófar poist nua agus deiseanna don fhorbairt eacnamaíoch.

*Bithgheilleagar*

Tá an bhithéagsúlacht mar phríomhthosaíocht chomhshaoil don Aontas.

Feictear don Ghrúpa go bhfuil sé ríthábhachtach go leanfaimid de bheartais foraoise inbhuanaithe a shaothrú agus go ndíreofar ar sciar na bithmhaise foraoise a úsáidtear i dtáirgeadh an fhuinnimh in-athnuaite a mhéadú go mór.

Tacaíonn Grúpa na Comhghuaillíochta Eorpaí le rolladh amach Straitéisí agus pleananna gníomhaíochta Réigiúnacha Bithéagsúlachta chun todhchaí foinsí fuinnimh a chosaint agus chun feabhas a chur ar a bhféadfaí a bhaint amach leo ó thaobh an gheilleagair. Féachaimid le comhthoil a chothú maidir le deireadh a chur le spleáchas na hEorpa ar bhreoslaí iontaise agus maidir le geilleagar bithbhunaithe a fhorbairt.

*Fuinneamh*

Is ceann de phríomhfhoinsí saibhris i ngach sochaí é an fuinneamh. Caithfear roinnt cinntí agus roghanna a dhéanamh ar an leibhéal Eorpach chun feabhas a chur ar an soláthar fuinnimh agus chun fuinneamh in-athnuaite agus an éifeachtúlacht fuinnimh a chur chun cinn. Iarrann Grúpa na Comhghuaillíochta Eorpaí go dtabharfar margaí fuinnimh inmheánacha chun críche agus go gcruthófar fíorAontas Fuinnimh le líonraí idirnasctha fuinnimh agus, ina theannta sin, go gceapfar bearta nua agus dreasachtaí eacnamaíocha chun feabhas a chur ar an éifeachtúlacht fuinnimh. Is mian leis an nGrúpa go gceapfaí bearta a chuideoidh leis an Eoraip leas a bhaint as acmhainneacht ollmhór foinsí fuinnimh in-athnuaite amhail fuinneamh taoide, tonnfhuinneamh, fuinneamh geoiteirmeach, fuinneamh gaoithe, fuinneamh gréine, hidreafuinneamh agus bithmhais inbhuanaithe. Ní mór don Aontas níos mó a dhéanamh chun foinsí fuinneamh níos glaine agus an éifeachtúlacht fuinnimh a chur chun cinn agus cuidiú le leas a bhaint as an acmhainneacht atá i limistéir áitiúla ó thaobh acmhainní nádúrtha agus fuinneamh inacmhainne a áirithiú ag an am céanna do na saoránaigh.

Iarrfaidh Grúpa na Comhghuaillíochta Eorpaí ar an gCoimisiún Eorpach maoiniú a chur ar fáil do na cathracha agus do na réigiún sin a shínigh Cúnant na Méaraí ionas go bhféadfar na haidhmeanna a leagtar amach sa Chúnant a bhaint amach.

## 3. Guth láidir ar fud an domhain

Ba mhaith linn sa ghrúpa béim a leagan ar chuid de na saincheisteanna seo a leanas:

*Eoraip mar chomhpháirtí domhanda*

Thar aon rud eile, is tionscadal síochána é an próiseas maidir leis an Eoraip a aontú. Ba cheart é a bheith mar chuspóir uileghabhálach de bheartas Eorpach limistéar na saoirse agus na síochána a mhéadú, go háirithe chun Comharsanacht an Aontais a chumhdach sa chiall is leithne.

Athdhearbhaíonn Grúpa na Comhghuaillíochta Eorpaí nach mór don Aontas guth láidir a bheith aige ar fud an domhain i réimse an chaidrimh sheachtraigh.

Spreagfaidh an Grúpa institiúidí an Aontais chun beartas an mhéadaithe a dhéanamh níos éifeachtaí, chun leanúint de chaibidlíocht a dhéanamh le tíortha atá ag lorg ballraíochta agus chun beartas comharsanachta láidir a áirithiú. Ba cheart tacaíocht mhór a thabhairt do chomharsana an Aontais Eorpaigh chun an daonlathas agus an rathúnas a fhorbairt ina gcuid tíortha faoi seach.

Feictear dúinn gur cheart feabhas a chur ar an gcomhar le tíortha comharsanachta.

*Imirce*

Tá Grúpa na Comhghuaillíochta Eorpaí ar son beartais inimirce agus imirce i gcomhréir le cearta bunúsacha agus aird chuí á tabhairt ag an am céanna ar riachtanais agus ar dhúshláin na réigiún agus na n-údarás áitiúil.

Ag an am céanna, iarrann an grúpa go mbeadh níos mó dlúthpháirtíochta agus comhair ann idir na Ballstáit maidir le reachtaíocht chomhleanúnach inimirce a chur chun feidhme, dul ar patról ag na teorainneacha seachtracha agus an inimirce mhídhleathach agus an gháinneáil ar dhaoine a chomhrac. Féachaimid le feasacht a mhúscailt san Aontas maidir leis na deacrachtaí sonracha atá ag réigiúin teorann atá ag déileáil le géarchéimeanna daonnúla.

*An tslándáil agus an tsíocháin*

Cáineann Grúpa na Comhghuaillíochta Eorpaí gach cineál forrántachta agus rachaidh sí i gcomhar le comhpháirtithe eile chun an tsíocháin, an dlúthpháirtíocht, an chobhsaíocht agus an tslándáil a chur chun cinn laistigh den Aontas agus fad teorainneacha an Aontais agus, ag an am céanna, tacóidh sé le tíortha comharsanachta chun an daonlathas áitiúil agus an fhorbairt áitiúil a chur chun cinn.

Leanfaidh an Grúpa de bhrú a chur ar an gCoimisiún Eorpach maidir lena dhualgas tacaíocht agus cúnamh a chur ar fáil don Úcráin agus molann sí go mbeadh comhar áitiúil ann idir an tAontas agus rialtais áitiúla agus réigiúnacha na hÚcráine.

Measann an Grúpa go bhfuil sé tábhachtach go mbeadh údaráis áitiúla agus réigiúnacha rannpháirteach sa chomhrac i gcoinne na coireachta eagraithe, na sceimhlitheoireachta agus an radacaithe sceimhlitheoireachta chun sábháilteacht na saoránach i limistéir uirbeacha agus tuaithe a áirithiú.

*Ar bhonn na gcuspóirí sin atá bunaithe cheana agus na n-imeachtaí a liostaítear thuas a bheidh ag tarlú gan mhoill, chuirfeadh an Chomhghuaillíocht Eorpach béim ar an méid seo a leanas freisin:*

## 4. Rialachas Eorpach agus gné idirinstitiúideach

Athdhearbhaíonn Grúpa na Comhghuaillíochta Eorpaí a thiomantas do rialachas Eorpach níos fearr trí fheabhas suntasach a chur ar fheidhmiú, ar shimplíocht agus ar thrédhearcacht an Aontais le hais na gconarthaí atá ann cheana. Is díol sásaimh dó dearcadh an Choimisiúin Eorpaigh nach mbainfidh an tAontas Eorpach a chuspóirí amach ach amháin má dhéanann a chuid institiúidí agus a chuid údarás náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, mar aon leis na saoránaigh, i dteannta a chéile, cúnamh a thabhairt chun na críche sin. Rachaidh sé i mbun oibre chun dlús a chur le próisis an chomhairliúcháin agus an mheasúnaithe ar thionchar na reachtaíochta a mhol an Coimisiún i dtaca le cuspóir na rialála níos fearr. Leanfaidh sé freisin dá chomhar a neartú leis na hinstitiúidí Eorpacha eile, agus go háirithe le Parlaimint na hEorpa agus leis an gComhairle chun a áirithiú go mbeidh tionchar éifeachtach ag tuairimí agus ag moltaí Choiste na Réigiún.

Cuirfear na tosaíochtaí sin go léir i gcrích agus prionsabail na coimhdeachta, na comhréireachta agus an tsimplithe riaracháin á n-urramú.

EUROPEAN UNION

Committee of the Regions

Le haghaidh tuilleadh faisnéise, téigh i dteagmháil, le do thoil le

**Rúnaíocht na Comhghuaillíochta Eorpaí**
**Coiste na Réigiún**

**Rue Belliard/Belliardstraat 99-101**
**B – 1040 An Bhruiséil**
**Teil: +32 – 2 - 282 – 2245**
**Facs: +32 – 2 – 282 – 2334**
**Ríomhphost: micheal.oconchuir@cor.europa.eu**